Athruithe Molta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi athruithe atá molta don pheil agus don iomáint. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo a leanas:

An bhfuil an iomarca athruithe sna rialacha le blianta beaga anuas, dar leat?
An bhfuil eolas agat ar an gcúldoras sa chraobhchomórtas? Cad is brí leis?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht an leagan Gaeilge a mheaitseáil leis an leagan Béarla.

1. Contae Bhaile Átha Cliath	a. advantage
2. Cluiche Ceannais Uile Éireann	b. penalty kicks
3. Contaetha láidre	c. temporary
4. buntáiste	d. County Dublin
5. náisiúnta	e. strong counties
6. sealadach	f. All-Ireland Final
7. ciceanna éirice	g. national

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 3 Anois féach ar an mír nuachta agus abair an bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach.

1. Tá John Costello i bhfabhar an chúldorais. *Fíor/Bréagach*
2. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann. *Fíor/Bréagach*
3. Cuirfear na hathruithe nua sna rialacha i bhfeidhm sa samhradh. *Fíor/Bréagach*.
4. Cuirfear na rialacha i bhfeidhm go sealadach. *Fíor/Bréagach*
5. De réir na rialacha nua, ní cheadófar ‘marc’ a ghlaoch idir an dá líne ceathracha cúig slat. *Fíor/Bréagach*
6. Tógfar ciceanna éirice dhá shlat níos giorra don chúl. *Fíor/Bréagach*

Ceist 4 Anois déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén moladh atá ag Cathaoirleach Choiste Chontae Bhaile Átha Cliath maidir leis an gcúldoras?
2. An iad na contaetha laga nó na contaetha láidre atá ag baint buntáiste as an gcúldoras, dar le John Costello?
3. Cén comórtas ina mbainfear triail as na rialacha nua?
4. Cén riail a chuirfear deireadh leis, de réir na rialacha nua?
5. Cén uair a cheadófar 'marc' a ghlaoch?

Ceist 5 Cén ghné den ghramadach atá i gceist le "tar éis *na Nollag*".

Déan iarracht anois na focail idir lúibíní a cheartú, más gá.

1. Bhí geata (an scoil) fágtha ar oscailt thar oíche.
2. Thaistil an traein ar nós (an ghaoth).
3. Bhí solas (an ghrian) ag teacht isteach tríd an bhfuinneog ar maidin.
4. An é sin doras (an leabharlann) ansin ar chlé?
5. Tá cupán tae fágtha ar leac (an fhuinneog) duit.
6. Tháinig Rí (an Spáinn) ar cuairt go hÉirinn.
7. Bhí eagrán (an tseachtain) seo go maith.
8. An imríonn tú féin i lár (an pháirc)?

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

'Is mó dochar a dhéanann na hathruithe rialacha ar fad i dtaobh dul chun cinn na peile agus na hiomána'. Bain úsáid as an téarmaíocht atá foghlamtha agat chun é a phlé.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús agus ansin pléigh na ceisteanna.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7
d	f	e	a	g	C	b

Ceist 3

1. Tá John Costello i bhfabhar an chúldorais.

   *Fíor/**Bréagach***

2. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann.

   ***Fíor**/Bréagach*

3. Cuirfear na hathruithe sna rialacha i bhfeidhm sa samhradh.

   *Fíor/**Bréagach***

4. Cuirfear na rialacha i bhfeidhm go sealadach.

   ***Fíor**/Bréagach*

5. De réir na rialacha nua, ní cheadófar ‘marc’ a ghlaoch idir an dá líne ceathracha cúig slat.

   *Fíor/**Bréagach***

6. Tógfar ciceanna éirice dhá shlat níos giorra den chúl.

   ***Fíor**/Bréagach*

Ceist 4

1. Molann Cathaoirleach Choiste Chontae Bhaile Átha Cliath gur cheart an cúldoras a chaitheamh in aer.
2. Dar le John Costello, is iad na contaetha láidre atá ag baint buntáiste as an gcúldoras.
3. Bainfear triail as na rialacha nua sa Sraithchomórtas Náisiúnta.
4. Cuirfear deireadh leis an riail nach gceadaítear d'imreoir a bheith sa chearnóg bheag roimh an liathróid.
5. Ceadófar 'marc' a ghlaoch má tá an té a bheireann ar an liathróid idir an dá líne ceathracha cúig slat.

Ceist 5

1. Bhí geata **na scoile** fágtha ar oscailt thar oíche.
2. Thaistil an traein ar nós **na gaoithe**.
3. Bhí solas **na gréine** ag teacht isteach tríd an bhfuinneog ar maidin.
4. An é sin doras **na leabharlainne** ansin ar chlé?
5. Tá cupán tae fágtha ar leac **na fuinneoige** duit.
6. Tháinig Rí **na Spáinne** ar cuairt go hÉirinn.
7. Bhí eagrán **na seachtaine** seo go maith.
8. An imríonn Séamus i lár **na páirce**?

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Caithfimid súil anois ar scéalta spóirt an lae. Seo é Ruairí.

Ruairí Mac an Iomaire

Go raibh maith agat a Eimear.

Bhuel, tosóimid anocht le cluiche Gaelach agus tá sé molta ag John Costello, Coiste Chontae Bhaile Átha Cliath, go gcuirfí deireadh leis an gcúldoras sa chraobhchomórtas[1] peile. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann agus is léir go gceapann siadsan nach bhfuil an cúldoras ag cabhrú mórán lena gcás,tar éis dóibh cúig Chraobh Laighean a bhuachan[2] as a chéile ach gan oiread agus Cluiche Ceannais Uile Éireann amháin sroichte acu, ní áirím buaite acu, sa tréimhse céanna. Tá cathaoirleach Choiste Bhaile Átha Cliath tar éis a mholadh go gcaithfí in aer an cúldoras ar fad sa chraobhchomórtas[3] peile. Tugadh isteach an cúldoras, a deir sé, an dara seans dóibh siúd a bhuailtear sna comórtais cúige, le deis a thabhairt do na contaetha laga, ach de réir John Costello, is iad na contaetha láidre is mó a bhain an buntáiste as an gcúldoras úd, Craobh na hÉireann buaite ag leithéidí Thír Eoghain agus Ciarraí mar shampla, tar éis a bualadh cheana iad sa chraobh na blianta sin.

Idir an dá linn, tá athruithe trialacha le déanamh arís ar rialacha na peile agus na hiomána[4], athruithe a chuirfear i bhfeidhm sa Sraithchomórtas Náisiúnta tar éis na Nollag. I measc na n-athruithe úd atá le cur i bhfeidhm go sealadach, cuirfear deireadh leis an riail nach gceadaítear d'imreoir a bheith sa chearnóg bheag roimh an liathróid, sa pheil[5] agus san iomáint. Ceadófar don té a bheireann ar liathróid peile 'marc' a ghlaoch mar atá sna rialacha idirnáisiúnta fad is[6] go bhfuil an té sin idir an dá líne ceathracha cúig slat. Agus bogfar an spota óna dtógfar ciceanna éirice dhá shlat níos giorra don chúl.

[1] Sa gcraobhchomórtas-tógann 'sa' urú i gcanúint Chonamara
[2] A bhuachaint a deirtear
[3] Sa gcraobhchomórtas-tógann 'sa' urú i gcanúint Chonamara
[4] An pheil agus an iomáint a deirtear
[5] Sa bpeil a deirtear
[6] 'A fhad is' a deirtear sa mhír